# Treoir an Éascaitheora don Chluiche Rólimeartha Fíorúil



Parlaimint na hEorpa

**1. Réamhrá**
1.1 Cuspóir na treorach 3

**2. Maidir leis an gcluiche**
2.1 Cuspóirí 4
2.2 Cé atá in ann imirt? 5
2.3 Ábhair an chluiche
2.4 Sonraí pearsanta sa chluiche

**3. Conas an cluiche a imirt**
3.1 Méid an ghrúpa 6
3.2 Ré
3.3 Forléargas
3.4 Socrú an tseomra 7
3.5 Ábhar a theastaíonn 8
3.6 Socrú teicniúil
3.7 Conas an cluiche a thosú agus a rith 9

**4. Treoir céim ar chéim chun an cluiche a imirt** 10
4.1 An cluiche a thosú 11
4.2 Réamhrá faoin togra dlí agus físeán teagaisc faoin gcluiche
4.3 Cur i láthair na ngrúpaí polaitiúla
4.4 Cur i láthair na ngrúpaí coiste agus vóta 12
4.5 Athghrúpáil i ngrúpaí polaitiúla
4.6 Plé sa suí iomlánach agus vótáil cuid I 13
4.7 An cor mór sa scéal 14
4.8 Suí iomlánach agus vótáil cuid II
4.9 Tuairimí na ngeallsealbhóirí agus léargais ar an gcluiche
4.10 I gcás diúltú

**5. Roimh an gcluiche**
5.1 Conas tuairimí atá éagsúil ó mo thuairimí féin a chur in iúl 15
5.2 Eolas a chur ar an Aontas Eorpach 17
5.3 Eolas a chur ar Pharlaimint na hEorpa 18
5.3.1 Cad is Parlaimint na hEorpa ann agus cén chaoi a n-oibríonn sí? 19
5.3.2 Turas digiteach go Parlaimint na hEorpa

**6. Le linn an chluiche**
6.1 San fhíorshaol 21
6.2 Gluais 25
6.3 Rialacha an chluiche 29

**7. Tar éis an chluiche**
7.1 Seisiún faisnéisithe 31
7.2 Aiseolas nó meastóireacht i scríbhinn 32
7.3 Lecheile.eu
7.4 Tairiscint Europa Experience

**8. Iarscríbhinní**
8.1 Iarscríbhinn I: Foirm mheastóireachta/aiseolais 33
8.2 Iarscríbhinn II: VRPG • Cártaí Gníomhaíochta 34

# 1. Réamhrá

## Fáilte go dtí treoir an éascaitheora do Chluiche Rólimeartha Fíorúil Pharlaimint na hEorpa

Tugann an treoir seo forléargas ar an gcluiche, chomh maith le hacmhainní chun deis foghlama thorthúil agus thumthach a thabhairt duitse **agus do ghrúpa imreoirí araon.**

Sa treoir seo, gheobhaidh tú an t-eolas go léir a theastaíonn uait chun an cluiche a rith gan stró. Foghlaimeoidh tú freisin conas na himreoirí a ullmhú chun an cluiche a imirt ar an gcaoi is fearr roimh, le linn agus tar éis an chluiche.

Chomh maith leis sin, tugann an treoir roinnt gníomhaíochtaí ullmhúcháin breise chun cabhrú le himreoirí dul i dtaithí ar a róil, mar aon le seisiún faisnéisithe a dhíríonn ar an méid a d'fhoghlaim siad agus ar a dtaithí fhoriomlán, ag brath ar cé mhéad ama is féidir leat a chaitheamh ar an gcluiche.

**Bain sult as an gcluiche!**

## 1.1 Cuspóir na treorach




Léaráid de charachtar sa chluiche: cathaoirleach ficseanúil de choiste ENVI, fear óg a bhfuil culaith air

Tá an treoir seo ceaptha mar uirlis tacaíochta d'éascaitheoirí an chluiche i suíomhanna oideachais éagsúla:

- **Múinteoirí i scoileanna ina bhfuil daltaí 16 bliana d'aois nó níos sine;**
- **Oiliúnóirí agus éascaitheoirí i gcláir agus gníomhaíochtaí oideachais neamhfhoirmiúil;**
- **Oibrithe in ionaid áitiúla phobail/óige nó a leithéidí;**
- **Aon suíomh eile a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun an cluiche a imirt agus an cuspóir beartaithe á urramú.**

Cuireann an treoir seo eolas ar fáil d'éascaitheoirí faoin gcaoi chun an gcluiche a chur ar bun ar líne agus faoi na nithe atá ag teastáil sa seomra chun an cluiche a imirt, chomh maith le míniú céim ar chéim ar shreabhadh an chluiche.

Ina theannta sin, gheobhaidh tú eolas cúlra faoin **Aontas Eorpach** agus faoin **bParlaimint**, gníomhaíochtaí ullmhúcháin molta chun cabhrú le himreoirí dul isteach sna róil a shanntar dóibh agus roinnt ceisteanna treoracha don seisiún faisnéisithe, a dhíríonn ar na nithe a d'fhoghlaim na himreoirí ón gcluiche.

# 2. Maidir leis an gcluiche

## Is ionsamhlú de phróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh é an cluiche rólimeartha fíorúil.


Glacann rannpháirtithe ról mar **Fheisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE)** agus cuirtear i ngrúpaí polaitiúla ficseanúla iad. In éineacht leis na **Feisirí** eile, ní mór d'imreoirí díospóireacht a dhéanamh, dul i mbun caibidlíochta, comhréitigh a bhaint amach agus vóta a chaitheamh ar thogra dlí chun saol daoine ar fud an **Aontais Eorpaigh** a fheabhsú. Trí leagan simplithe de nós imeachta reachtach **an Aontais** a chur ar fáil, tá sé mar aidhm leis an gcluiche é a dhéanamh níos éasca tuiscint a fháil ar **ról na Parlaiminte** sa phróiseas foriomlán agus ar obair agus freagrachtaí **na bhFeisirí** mar ionadaithe an phobail a thoghtar go díreach. Is í an sprioc atá ann ná taithí phearsanta den daonlathas a thabhairt d'imreoirí agus iad a spreagadh le bheith ina saoránaigh rannpháirteacha.

Tá an cluiche deartha chun go n-imreoidh grúpaí é i suíomhanna éagsúla oideachais, ó sheomraí ranga agus ionaid óige go cláir oideachais neamhfhoirmiúil. Suíonn rannpháirtithe agus idirghníomhaíonn siad sa spás fisiciúil céanna agus iad ag imirt an chluiche ar a gcuid gaireas féin agus ag leanúint treoracha ar scáileán an éascaitheora. Is féidir an cluiche a imirt freisin i gcumraíochtaí difriúla ó na cinn a bhfuil cur síos orthu thuas. Féadfaidh duine ar bith atá 16 bliana d'aois nó os a chionn é a imirt, ar choinníoll go n-úsáidtear an cluiche don chuspóir dár beartaíodh é.

Is cuid é an cluiche den **'Turas Digiteach go Parlaimint na hEorpa'**. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sin an Pharlaimint a thabhairt níos gaire do dhaoine ar fud na hEorpa. Cuireann an t-ardán réimse uirlisí idirghníomhacha ar líne ar fáil chun eolas a chur ar an institiúid, ar obair **na bhFeisirí** agus ar stair na hEorpa araon.

*Tá tuilleadh eolais faoin Turas Digiteach ag an nasc seo a leanas: https://digital-journey.europarl.europa.eu/#/ga/*

## 2.1 Cuspóirí



Teastaíonn ó **Pharlaimint na hEorpa** deis a thabhairt do dhaoine óga ar fud na hEorpa ról mar **Fheisire** de Pharlaimint na hEorpa a ghlacadh agus fíor-thaithí a fháil ar phróiseas reachtóireachta agus cinnteoireachta **an Aontais** ina scoileanna nó ina bpobail féin tríd an gcluiche oideachasúil, tumthach agus spraíúil seo.

Díríonn an cluiche ar a thábhachtaí atá sé oibriú le chéile ar mhaithe le leas na sochaí, spreagann sé comhréiteach agus idirghníomhaíocht i measc na n-imreoirí agus cuireann sé ardán ar fáil chun scileanna a fheabhsú, lena n-áirítear óráidíocht phoiblí agus taidhleoireacht.

Ar deireadh, tá súil ag an **bParlaimint** go spreagfaidh an cluiche rólimeartha fíorúil daoine chun páirt níos mó a ghlacadh i ndaonlathas na hEorpa ina saol laethúil agus go gcumhachtófar iad mar vótálaithe ionchasacha sna toghcháin Eorpacha trí fheabhas a chur ar a dtuiscint ar an gcaoi a n-oibríonn an **tAontas Eorpach** agus ar ról na **Parlaiminte** mar ionadaí **shaoránaigh an Aontais.**


## 2.2 Cé atá in ann imirt?

Is é spriocphobal an chluiche rólimeartha fhíorúil daoine óga idir **16 agus 18 mbliana d'aois** nach bhfuil aon eolas acu ar an Aontas Eorpach ná ar Pharlaimint na hEorpa sula n-imríonn siad an cluiche.

Ach is féidir le duine ar bith os cionn 16 bliana d'aois an cluiche a imirt, gan beann ar chúlra nó ar thaithí.

## 2.3 Ábhair an chluiche

- **Parlaimint na hEorpa**
- **Cinnteoireacht**
- **Nós imeachta reachtach an Aontais**
- **An tAontas Eorpach**
- **Daonlathas rannpháirteach**
- **Forbairt scileanna boga idirphearsanta**



Léaráid de charachtair sa chluiche: beirt bhan óg, úinéirí siopaí neamhspleácha, gléasta go neamhfhoirmeálta.

## 2.4 Sonraí pearsanta sa chluiche

Cé gur gá d'imreoirí an chluiche rólimeartha a bheith nasctha leis an gcluiche ar líne, ní bhailíonn sé aon sonraí pearsanta.

Is feidhmchlár gréasán-bhunaithe é a dtéann an t-imreoir isteach ann trí **URL** i mbrabhsálaí ar a ngaireas (fón, táibléad, ríomhaire) gan rud ar bith a íoslódáil. Ní gá logáil isteach chun an cluiche a imirt.

Ag tús an chluiche, déantar ainm **FPE** fhicseanúil a thabhairt do gach imreoir, rud a chiallaíonn nach n-iarrtar ainm, aois ná aon sonraí pearsanta eile ar an imreoir.

Bíonn an **seoladh IP** i gcónaí mar an gcéanna do gach imreoir i ngach seisiún den chluiche. Ní dhéantar geoshuí, ná ní bhailítear aon sonraí. Stórálann an cluiche dhá phíosa eolais ar ríomhaire an imreora (localhost): an **PlayerID** a shanntar go randamach, agus staid an chluiche.

Chun go bhfeidhmeoidh an cluiche i gceart, úsáideann sé sonraí ó dhoiciméad darb ainm **'localStorage'**, (doiciméad a lódáiltear chuig an mbrabhsálaí), a ghlantar agus a bhaintear nuair a bhíonn an cluiche thart nó tar éis 12 nóiméad neamhghníomhaíochta sa chluiche.

Tá sonraí **localStorage** deartha chun go bhfanfaidh siad 'áitiúil'. Ciallaíonn sé seo nach seoltar sonraí stóráilte thar an ngréasán chuig aon fhreastalaí. Tá **localStorage** leanúnach. Mar sin, má dhúnann an t-imreoir an brabhsálaí, is féidir an seisiún den chluiche a athbhunú, mura raibh sé oscailte roimhe sin i ndíth ainm nó i mód anaithnid.


## 3.1 Méid an ghrúpa



Léaráid de gach carachtar sa chluiche agus iad le chéile mar ghrúpa

**Is é méid an ghrúpa atá molta chun go mbeidh an cluiche is fearr ann ná idir 16 agus 28 n-imreoir. Is féidir le idir 12 agus 40 imreoir an cluiche a imirt.**

## 3.2 Ré



**Maireann an cluiche thart ar 60 nóiméad.**
D'fhéadfá 30 nóiméad breise a chur san áireamh le haghaidh seisiún faisnéisithe.



## 3.3 Forléargas

Tá an cluiche rólimeartha fíorúil deartha chun go n-imreoidh **éascaitheoir** agus **imreoirí** é san áit fhisiciúil chéanna agus iad nasctha leis an gcluiche ar a ngairis féin tríd an idirlíon.

Anseo thíos, gheobhaidh tú eolas ar conas an spás fisiciúil a leagan amach, agus na céimeanna teicniúla is gá chun an cluiche a sheoladh agus a rith.

Le linn an chluiche, iarrfar ar imreoirí suí i dtrí chumraíocht éagsúla, ag brath ar an ngníomhaíocht atá ar siúl acu (e.g. plé, vótáil):

- **Grúpaí polaitiúla:** ag tús an chluiche, sanntar imreoirí go randamach do cheithre ghrúpa pholaitiúla éagsúla (**Dlúthpháirtíocht, Éiceolaíocht, Traidisiún agus Saoirse**). Ag céimeanna éagsúla den chluiche, beidh ar na himreoirí bailiú leis na comhaltaí eile den ghrúpa polaitiúil céanna chun an rogha a dhéanfaidh siad sa vóta a phlé.
- **Grúpaí coiste:** roinntear na himreoirí go randamach in dhá ghrúpa coiste chun díospóireacht a dhéanamh agus vótáil ar leasuithe sannta.
- **Suí iomlánach:** suíonn na rannpháirtithe go léir le chéile (m.sh. i gciorcal mór) chun díospóireacht agus vótáil a dhéanamh. Tarlaíonn an chéim seo faoi dhó le linn an chluiche. An chéad uair, tabharfar cuireadh don urlabhraí do gach grúpa polaitiúil labhairt agus a chur ina luí ar na Feisirí eile gur cheart glacadh leis an mbealach atá molta ag an grúpa sin.

## 3.4
## Socrú an tseomra

Toisc go bhfuil cumraíochtaí éagsúla ann inar gá do na himreoirí teacht le chéile, úsáid seomra atá éasca a leagan amach agus mór go leor chun freastal go héasca ar na himreoirí go léir.

Gan beann ar an áit ina bhfuil na himreoirí ina suí, ba cheart dóibh a bheith in ann scáileán an éascaitheora a fheiceáil agus na treoracha a leanúint i gcónaí. Ba cheart forléargas iomlán a bheith ag an éascaitheoir i gcónaí ar an ngrúpa féin agus ar phróifílí na n-imreoirí chun tacaíocht a chur ar fáil dóibh nuair is gá.

I bhfianaise an mhéid thuas, tabhair na moltaí anseo thíos faoi deara.

- Ba cheart go mbeadh nasc Wi-Fi cobhsaí ag an seomra, ionas gur féidir le gach imreoir nascadh ag an am céanna agus fanacht ceangailte ar feadh an chluiche (ach amháin má úsáideann siad a nasc sonraí féin).
- Ba cheart go mbeadh scáileán mór ann, ar féidir é a cheangal le ríomhaire agus ar féidir leis na himreoirí go léir é a fheiceáil.
- Ba cheart go mbeadh go leor spáis ann chun ligean d'imreoirí scaradh óna chéile go héasca agus teacht le chéile arís i gcumraíochtaí de ghrúpaí éagsúla. Ba cheart go mbeadh sé éasca an troscán a bhogadh timpeall freisin.
- Ba cheart suíochán amháin ar a laghad a bheith ann do gach imreoir (ní gá gur cathaoir a bheadh ann: d'oirfeadh piliúir, stóil, etc.).
- Go hidéalach, tosaíonn an cluiche le grúpa daoine atá ina suí i gciorcal mór inar féidir le himreoirí a chéile a fheiceáil.
- Ba cheart an seomra a roinnt i gceithre limistéar éagsúla, a sheasann do na ceithre ghrúpa pholaitiúla. Ba cheart go mbeadh na himreoirí in ann scáileán an éascaitheora a fheiceáil i gcónaí agus níor cheart go mbeidís ag cur isteach ar na grúpaí eile. Ba cheart go mbeadh na limistéir mór go leor chun go mbeidh spás i ngach ceann don cheathrú cuid den ghrúpa imreoirí.
- Ba cheart dhá limistéar a chur i leataobh do na grúpaí coiste. D'fhéadfaí iad sin a úsáid mar na limistéir atá ainmnithe do na grúpaí polaitiúla freisin. Ba cheart go mbeadh na limistéir mór go leor do leath na n-imreoirí.
- Ba cheart go mbeadh láthair ag na daoine a cheaptar mar urlabhraithe inar féidir leo labhairt os comhair na n-imreoirí go léir. D'fhéadfaí an láthair chéanna a úsáid do gach urlabhraí. Má shuíonn an grúpa i gciorcal mór, is féidir le hurlabhraithe seasamh suas agus labhairt.
- Ba cheart pinn agus cártaí gníomhaíochta a bheith ag gach grúpa polaitiúil (féach **Iarscríbhinn II**) chun a n-argóintí agus a gcuid pointí labhartha a scríobh síos.

**TÁBHACHTACH! Más rud é nach féidir an seomra a leagan amach ar chaoi idéalach, is féidir a bheith cruthaitheach, ach déan cinnte go bhfuil scáileán an éascaitheora le feiceáil ag na himreoirí le linn an chluiche ar fad.**

## 3.5 Ábhar a theastaíonn


Is féidir an cluiche rólimeartha fíorúil a imirt gan aon ábhar breise. Mar sin féin, chun an taithí is fearr is féidir a thabhairt d'imreoirí, moltar na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- **peann amháin in aghaidh an imreora;**
- **téip ghreamaitheach agus siosúr;**
- **printéir;**
- **cártaí gníomhaíochta chun an chaibidlíocht agus na pointí labhartha a ullmhú (cuirtear ar fáil in Iarscríbhinn II iad);**
- **leaganacha clóite de lógónna agus comharthaí na gcoistí (cuirtear ar fáil in Iarscríbhinn II iad) chun na limistéir ar leith sa seomra a mharcáil;**
- **cód QR d'imreoirí chun rochtain éasca a fháil ar an gcluiche (cuirtear ar fáil in Iarscríbhinn II é);**
- **foirmeacha aiseolais/meastóireachta (cuirtear ar fáil in Iarscríbhinn I iad).**



Léaráid de charachtar sa chluiche: bean óg ar saorálaí lechéile.eu í, ag caitheamh spéaclaí

## 3.6 Socrú teicniúil



Chun an cluiche a óstáil, tá gá le: gaireas atá nasctha leis an idirlíon, amhail **ríomhaire glúine**, **ríomhaire pearsanta** nó **táibléad** a bhfuil nasc leathanbhanda **5 Mbps** ar a laghad aige;

- **scáileán, teilgeoir** nó **teilifís** nasctha atá mór go leor le bheith infheicthe ag gach imreoir, le miontaifeach scáileáin de **1280 x 720px,** don leagan is fearr den chluiche;
- brabhsálaí gréasáin nua-aimseartha, mar shampla:
  - **Chrome 96** agus os a chionn,
  - **Firefox 95.0** agus os a chionn,
  - **Safari 15** agus os a chionn,
  - **Edge 96.0** agus os a chionn.

**Ní mór do na himreoirí a ngaireas féin a bheith acu atá nasctha leis an idirlíon, mar shampla fón cliste, táibléad nó ríomhaire glúine.**

## 3.7 Conas an cluiche a thosú agus a rith

Chun an cluiche a thosú mar éascaitheoir, téigh go dtí https://virtual-role-play-game.digital-journey.europarl.europa.eu/ agus cliceáil ar **'Cluiche nua'**. Iarrfar ort cás féideartha a roghnú, agus ansin tabharfar scáileán le nascadh leis an gcluiche duit agus **cód an tseomra**. Tabhair an cód sin do na himreoirí ar mian leo a bheith páirteach i do chluiche.

Is féidir le himreoirí páirt a ghlacadh sa chluiche trí dhul go dtí https://virtual-role-play-game.digital-journey.europarl.europa.eu/ (nó an cód QR atá tugtha in Iarscríbhinn II a scanadh) agus cliceáil ar **'Téigh isteach sa chluiche'.** Iarrfar orthu cód an tseomra a chur isteach, atá le feiceáil ar scáileán an éascaitheora.

Nuair a bheidh gach duine páirteach, cliceáil ar **'Tosaigh'** chun an cluiche a thosú. Oibríonn an cluiche ar bhonn uathoibríoch den chuid is mó, ach bíonn ar an éascaitheoir tús a chur leis an bplé sa seomra agus na babhtaí vótála. Chun tacú leis an éascaitheoir leis seo, tá roinn cruthaithe againn sa treoir seo darb ainm **'Céim ar chéim'** a thugann léargas mionsonraithe duit ar ord an chluiche agus ar ár moltaí don éascú.

**Tábhachtach! Mar éascaitheoir, is féidir leat an cluiche a chur ar sos nó léim thar phreabradhairc agus pléití a bhfuil teorainn ama leo, lena n-áirítear vótáil. Ach cuimhnigh nach féidir leat dul ar ais go dtí codanna den chluiche ar léim tú tharstu nó ar imríodh cheana féin iad!**

### Má dhícheanglaítear imreoir


Má dhícheanglaítear imreoir ón gcluiche toisc go ndúnann siad an brabhsálaí trí thimpiste, go gcailleann siad a nasc idirlín nó a leithéid, is féidir leo dul isteach arís trí dhul ar ais go dtí https://virtual-role-play-game.digital-journey.europarl.europa.eu/ agus cliceáil ar **'Téigh isteach'**.

Má dhínasctar an t-imreoir ar feadh níos lú ná 12 nóiméad, ba cheart go dtabharfaí ról an **Fheisire** chéanna dó arís.

Má bhíonn an t-imreoir díomhaoin nó dícheangailte ar feadh níos mó ná 12 nóiméad, ní bheidh sé in ann dul isteach arís leis an ainm céanna agus féadfar é a shannadh do ghrúpa polaitiúil éagsúil.

### Más gá an cluiche a atosú

Más rud é, ar chúis ar bith, gur gá an cluiche a atosú, déan cinnte go ndúnann tú an brabhsálaí gníomhach agus go n-iarrann tú ar na himreoirí an rud céanna a dhéanamh. Is féidir seisiún cluiche nua a thosú 3 nóiméad tar éis an seisiún roimhe sin a dhúnadh.



# 4. Treoir céim ar chéim chun an cluiche a imirt

## Chun tacú le hobair an éascaitheora, seo thíos léargas ar gach ceann de na céimeanna sa chluiche, lena n-áirítear leideanna nascleanúna agus éascaithe, chomh maith le comhairle faoin mbealach is fearr chun an seisiún agus an spás a eagrú.

Go ginearálta, mar gheall ar nádúr tumthach an chluiche, moltar imreoirí a spreagadh chun a gcuid ceisteanna a choinneáil go dtí tar éis an chluiche, mar shampla le linn an tseisiúin faisnéisithe.

Tá an cluiche ceaptha scéal leanúnach uathoibríoch a bheith aige, ós rud é go mbíonn na príomhcharachtair – **Marie, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, agus Conor, Cathaoirleach Choiste ENVI** – ag treorú na n-imreoirí trí gach céim den chluiche. Den chuid is mó, is é ról an éascaitheora a chinntiú go bhfuil an spás, ábhair bhreise agus tacaíocht theicniúil a theastaíonn ó na himreoirí acu chun iad féin a thumadh ar an mbealach is fearr ina ról mar **Fheisirí**. Uaireanta, d'fhéadfadh spreagadh séimh a bheith ag teastáil ó na himreoirí le linn díospóireachtaí agus óráidí, agus chun comhréitigh a bhaint amach ar mhaithe le saoránaigh **an Aontais**.

Níl le déanamh ag an éascaitheoir ach na gníomhaíochtaí ar an scáileán seo a leanas: pléití a bhfuil teorainn ama leo, seisiúin vótála agus codanna den chluiche a sheoladh (beidh leideanna le feiceáil ar scáileán an éascaitheora). Féadfaidh an t-éascaitheoir seisiúin a bhfuil teorainn ama leo a chur ar sos nó léim tharstu uair ar bith trí na cnaipí tiomnaithe ar thaobh na láimhe clé in íochtar an scáileáin a úsáid. Ach ní féidir dul ar ais chuig codanna den chluiche ar léim tú tharstu nó ar imríodh cheana féin iad.




**Léaráid de charachtar Uachtarán Pharlaimint na hEorpa sa chluiche: bean mheánaosta, agus fillteáin le páipéir ina lámha aici**

# 4. Treoir céim ar chéim chun an cluiche a imirt

## 4.1 An cluiche a thosú

Tar éis cliceáil ar **'Cluiche nua'** agus cás féideartha a roghnú, tabhair treoir do na himreoirí dul isteach sa chluiche tríd an **URL** https://virtual-role-play-game.digital-journey.europarl.europa.eu/#/, nó tríd an **cód QR** in **Iarscríbhinn II** a scanadh. Ag an bpointe seo, tugtar ainm **FPE** ficseanúil do gach imreoir, mar aon le tír thionscnaimh agus grúpa polaitiúil.

## 4.2 Réamhrá faoin togra dlí agus físeán teagaisc faoin gcluiche


Tar éis do na himreoirí uile dul isteach sa chluiche, cuirfidh **Marie, Uachtarán Pharlaimint** na hEorpa, fáilte rompu mar Fheisirí nuathofa. Nuair a chliceálann an t-éascaitheoir ar 'Tosaigh', cuirfidh Marie sonraí an togra reachtaigh a bheidh na Feisirí ag plé i láthair, mar aon le roinnt gnéithe den chaoi a n-imrítear an cluiche.

## 4.3 Cur i láthair na ngrúpaí polaitiúla

Sa chéim seo, ba cheart do na himreoirí dul isteach sna grúpaí polaitiúla ar sannadh dóibh iad. Déantar an sannadh go randamach agus ní féidir le himreoirí a ngrúpaí polaitiúla a athrú nuair a shanntar dóibh iad. Má chreideann tú go bhféadfadh sé a bheith deacair ar na himreoirí tuairimí nach iad a gcuid tuairimí féin iad a chur in iúl, moltar seisiún a eagrú roimh an gcluiche chun gur féidir leis na himreoirí rólimirt a chleachtadh. Is féidir teacht ar ghníomhaíochtaí molta sa roinn **'Roimh an gcluiche'**.

Chun ullmhú don chéim seo, b'fhearr an seomra a bheith roinnte ina cheithre spás dhifriúla cheana le lógónna na ngrúpaí polaitiúla (Iarscríbhinn II). Ba cheart don éascaitheoir treoir a thabhairt do na himreoirí dul chuig spás a ngrúpa pholaitiúil, aithne a chur ar na daoine eile sa ghrúpa agus eolas a chur ar fhorógra a ngrúpa pholaitiúil', ar sheasaimh a ngeallsealbhóirí, agus ar na leasuithe. Má bhíonn go leor ama ann, moltar d'imreoirí ábhar na ngrúpaí eile a léamh freisin. Sa roghchlár céanna, sa chúinne íochtarach ar dheis ar a gcuid gaireas, is féidir le himreoirí teacht ar rialacha an chluiche féin chomh maith.

Moltar imreoirí a spreagadh chun úsáid a bhaint as na cártaí gníomhaíochta chun a gcuid leasuithe agus eolas úsáideach eile a bhreacadh síos, agus chun féachaint an bhfuil aon ghrúpa eile ann a bhféadfaidís teacht ar chomhréiteach leis.



## 4.4
## Cur i láthair na ngrúpaí coiste agus vóta


Tar éis dóibh eolas a fháil ar ábhar cúlra a ngrúpaí polaitiúla, cuirtear ról na gcoistí parlaiminteacha i láthair do na himreoirí agus ansin sanntar iad do cheann amháin den dá ghrúpa coiste. Sa chéim seo, moltar an spás a roinnt idir an dá ghrúpa, agus na comharthaí **'Grúpa Coiste 1'** agus **'Grúpa Coiste 2'** a chur ar na limistéir **(tá na comharthaí le fáil in Iarscríbhinn II).** Ós rud é nach dtarlaíonn obair na gcoistí agus obair na ngrúpaí polaitiúla ag an am céanna le linn an chluiche, is féidir an seomra a roinnt ina dhá leath, agus úsáid á baint as na limistéir a sannadh cheana féin do na grúpaí polaitiúla.

Iarrtar ar na himreoirí ina ngrúpaí coiste faoi seach plé a dhéanamh, teacht ar chomhréiteach agus ansin vótáil ar dhá leasú (as ceithre cinn) chun iad a thabhairt chuig an suí iomlánach. Tabhair do d'aire go gcuirfear sraith éagsúil leasuithe i láthair gach grúpa coiste: tá ocht leasú ann ar an iomlán, ceithre cinn in aghaidh an ghrúpa coiste, ach ní féidir ach dhá leasú in aghaidh an ghrúpa a chur chuig an suí iomlánach. Le linn chéim an phlé, b'fhéidir gur mhaith leat imreoirí a spreagadh chun idirghabháil agus plé a dhéanamh le himreoirí eile ar bhealach measúil. B'fhéidir go mbeadh na cártaí gníomhaíochta (Iarscríbhinn II) úsáideach chuige sin!

Le linn chéim na vótála, meabhraigh d'imreoirí na treoracha ar a ngairis a leanúint agus vótáil i bhfabhar suas le dhá leasú. Is féidir leo staonadh ó vótáil ar na leasuithe go léir nó diúltú dóibh freisin. Aon vótaí nach gcaitear faoi dheireadh an ama, áireofar go huathoibríoch mar staonadh iad. Ní mór do na himreoirí cliceáil ar 'Cuir vóta isteach' chun go gcomhairfear a vótaí.

Nuair a bheidh an t-am istigh, cuirfear torthaí na vótála ar scáileán an éascaitheora. Mura bhfaigheann aon leasú tromlach na vótaí, féach roinn **4.10 ('I gcás diúltú').**

## 4.5
## Athghrúpáil i ngrúpaí polaitiúla




Iarrtar ar na himreoirí dul isteach arís ina ngrúpaí polaitiúla chun plé a dhéanamh ar na leasuithe atá rite, ar an vóta a chaithfidh siad sa suí iomlánach agus ar an gcaoi lena chur ina luí ar na Feisirí eile tacú lena seasamh. Ag an bpointe sin, iarrtar ar na himreoirí urlabhraí a ainmniú freisin. Is maith an smaoineamh é a mheabhrú do na himreoirí pointí labhartha a ullmhú chun tuairim a ngrúpa ar an togra reachtach a chur i láthair.

Spreag na himreoirí chun na cártaí gníomhaíochta **(Iarscríbhinn II)** a úsáid chun a gcuid pointí labhartha agus argóintí a ullmhú.

## 4.6 Plé sa suí iomlánach agus vótáil cuid I

Tugtar cuireadh do na himreoirí páirt a ghlacadh sa suí iomlánach – tabhair treoir dóibh suí i gciorcal mór ionas gur féidir le gach duine scáileán an éascaitheora agus aghaidheanna a chéile a fheiceáil. Cé nach ionann é agus an leagan amach atá ar shuí iomlánach **Pharlaimint na hEorpa**, cinnteoidh ciorcal mór cur chuige níos rannpháirtí agus níos cairdiúla i leith an phlé. Is féidir lár an chiorcail a úsáid mar 'ardán' do na hurlabhraithe agus d'aon Fheisire eile ar mhaith leo labhairt. Go deimhin, tar éis do gach urlabhraí seasamh a ghrúpa a chur i láthair, mar a spreagann an cluiche, is féidir le haon Fheisire eile labhairt chun cur leis an díospóireacht.

Mar éascaitheoir, déan cinnte go mbeidh deis ag gach grúpa agus ag gach Feisire ar spéis leo é a dtuairimí a chur in iúl laistigh den tréimhse ama a shanntar sa chluiche.

Nuair a bheidh an t-am labhartha thart, cuirfidh an cluiche tús leis an seisiún vótála. Iarrfar ar na himreoirí vóta a chaitheamh in aghaidh an leasaithe ar dtús, díreach mar a dhéanann na Feisirí san fhíorshaol (glacadh, diúltú, staonadh), agus ansin caithfidh siad vóta ar an togra ina iomláine.

Taispeánfar na torthaí ar an scáileán, agus beidh na himreoirí in ann a fháil amach an raibh a gcuid scileanna caibidlíochta éifeachtach.

**Má éiríonn leis an seasamh, cuirfidh Marie ar aghaidh chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh é.**

**I gcás diúltú, téigh go dtí roinn 4.10 ('I gcás diúltú').**



Léaráid d'Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa ina suí agus ag vótáil trína lámh a ardú le linn suí iomlánach

## 4.7
## An cor mór sa scéal

Mar gheall ar theagmhas gan choinne, déanann **Comhairle an Aontais** seasamh na Parlaiminte a leasú go suntasach. Tá oibleagáid anois ar na himreoirí athmhachnamh a dhéanamh ar a seasaimh agus a straitéisí agus smaoineamh ar chomhréiteach a bhaint amach.

## 4.8
## Suí iomlánach agus vótáil cuid II

Agus na himreoirí fós ina suí i gciorcal mór, tosaíonn seisiún plé chun deis a thabhairt do na **Feisirí** bealach chun cinn a aimsiú: tacú le leasuithe **na Comhairle**, filleadh ar sheasamh bunaidh **na Parlaiminte** nó tacú le leasú comhréitigh.

Meabhrófar do na himreoirí gurb é an ról atá acu a bheith ag obair ar mhaithe le leas **shaoránaigh an Aontais**.

Nuair a bhíonn an t-am istigh, fógraíonn Marie cibé a d'éirigh leis an dlí rite nó nár éirigh.

## 4.9
## Tuairimí na ngeallsealbhóirí agus léargais ar an gcluiche

Tar éis na torthaí a fhógairt, gheobhaidh na himreoirí eolas faoi thuairimí na ngeallsealbhóirí faoin toradh agus faoin gcaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar a saol.

Beidh léargais ar an gcluiche ag taispeáint eolais maidir leis na nithe seo a leanas:

- **na leasuithe a fuair an tacaíocht fhoriomlán ba mhó;**
- **an grúpa polaitiúil a bhain amach an toradh ab fhearr dá chuid geallsealbhóirí.**

Is eolas suimiúil iad torthaí na ngeallsealbhóirí agus léargais ar an gcluiche don seisiún faisnéisithe.

## 4.10
## I gcás diúltú

Mura bhfaigheann aon leasú tromlach sa choiste nó mura n-éiríonn leo dul ar aghaidh ag ceachtar den dá chéim de shuíonna iomlánacha, fógróidh Marie nach féidir leis an togra dul chun cinn. Taispeánfar tuairimí na ngeallsealbhóirí do na himreoirí, agus ansin iarrfar ar urlabhraithe na ngrúpaí polaitiúla labhairt leis na meáin ag preasagallamh tiomnaithe chun freagairt d'ábhair imní an phobail.

Sa chás sin, is féidir le himreoirí na cártaí gníomhaíochta **(Iarscríbhinn II)** a úsáid chun a gcuid óráidí a ullmhú agus chun na hábhair imní faoin easpa comhréitigh a fhreagairt.

## Is féidir an cluiche rólimeartha fíorúil a imirt gan aon ullmhú a bheith déanta ag na himreoirí.

Ach, ag brath ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoi Pharlaimint na hEorpa agus faoin Aontas Eorpach, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach seisiún ullmhúcháin amháin nó níos mó a eagrú ar na hábhair seo a leanas:

- **Conas tuairimí atá éagsúil ó mo thuairimí féin a chur in iúl**
- **Eolas a chur ar an Aontas Eorpach**
- **Eolas a chur ar Pharlaimint na hEorpa**

## 5.1 Conas tuairimí atá éagsúil ó mo thuairimí féin a chur in iúl

Sa chluiche, sanntar imreoirí go randamach do ghrúpa polaitiúil, rud a chiallaíonn go bhféadfadh sé go mbeadh orthu tuairimí agus seasaimh a chur in iúl atá difriúil óna gcuid tuairimí féin. Ní rud éasca é sin do chách. Más mian leat do ghrúpa a ullmhú do thasc den sórt sin, molaimid duit seisiún a eagrú d'imreoirí chun díospóireacht a dhéanamh ar thopaicí difriúla a leanann cur chuige fhorógraí na ngrúpaí polaitiúla.
Is é cuspóir an chleachtaidh a chinntiú go mbeidh na daoine a bheidh ag imirt an chluiche ar ball compordach nuair a chuireann siad tuairimí éagsúla in iúl.

- Roinn na rannpháirtithe i gceithre ghrúpa níos lú (Traidisiún / Éiceolaíocht / Dlúthpháirtíocht / Saoirse) agus an líon céanna rannpháirtithe i ngach grúpa díobh.
- Tabhair leagan clóite dá bhforógra do gach grúpa agus tabhair 10 nóiméad dóibh chun é a léamh agus chun luachanna a ngrúpa a phlé.
- Ullmhaigh na cártaí le hábhair a mheasann tú a bheith ábhartha don phlé agus iarr ar dhuine de na rannpháirtithe ceann a roghnú go randamach gan an t-ábhar a fheiceáil.
- Nuair a bheidh ábhar na díospóireachta roghnaithe, tabhair 10 nóiméad do na himreoirí chun argóintí a ullmhú atá ag teacht leis na forógraí a shanntar dóibh. Spreag na rannpháirtithe chun na cártaí gníomhaíochta (**Iarscríbhinn II**) a úsáid chun a n-argóintí agus a n-óráidí a ullmhú.
- Iarr ar na rannpháirtithe suí i gciorcal agus tú ag gníomhú mar mhodhnóir don díospóireacht. Ullmhaigh idir trí agus cúig cheist a bhaineann le hábhar na díospóireachta. Ar dtús, tabhair nóiméad amháin do gach grúpa chun a sheasamh foriomlán ar an ábhar a chur i láthair, ansin cuir tús le babhta ceisteanna, agus deis á tabhairt agat do gach grúpa freagra a thabhairt. Tabhair 20 nóiméad dóibh don díospóireacht.
- Críochnaigh an díospóireacht trí bhuíochas a ghabháil le gach duine as a bheith rannpháirteach.
- Cuir tús leis an seisiún faisnéisithe trí na ceisteanna seo a leanas a chur ar na rannpháirtithe:

**1.** Cé chomh deacair (nó éasca) is a bhí sé tuairimí a chur in iúl a d'fhéadfadh a bheith difriúil ó do thuairimí féin?

**2.** Cad a d'fhoghlaim tú ón deis seo?

**3.** Cad a dhéanfá ar bhealach difriúil an chéad uair eile?

**Tabhair 15 nóiméad dóibh don chuid seo den seisiún.**

# Forógraí

Lógó an ghrúpa pholaitiúil fhicseanúil 'Traidisiún': teach

## Teach/Traidisiún

Teastaíonn uainn an chobhsaíocht a chaomhnú trí chosaint a thabhairt do luachanna traidisiúnta agus do chrainn taca na sochaí, mar shampla feirmeoirí.

Creidimid go bhfuil an tsochaí nua-aimseartha agus an trasnaíocht ó rialtais ina mbagairt ar an traidisiún.

Tacaímid le gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát nuair nach mbíonn siad ina gcúis le hathruithe móra agus nuair nach mbíonn siad ró-chostasach.

Lógó an ghrúpa pholaitiúil fhicseanúil 'Dlúthpháirtíocht': croí

## Croí/Dlúthpháirtíocht

Teastaíonn sochaí chothrom uainn atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht agus a thacaíonn go gníomhach le daoine níos boichte agus níos laige.

Molaimid idirghabháil ón Aontas agus ó na Ballstáit chun a chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ag cách ar chearta bunúsacha, mar shampla sláinte, fostaíocht agus oideachas.

Creidimid gur cheart go mbeadh leas an phobail níos tábhachtaí ná an tsaoirse phearsanta i gcónaí.

Lógó an ghrúpa pholaitiúil fhicseanúil 'Éiceolaíocht': crann

## Crann/Éiceolaíocht

Creidimid gur tosaíocht iad an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil, ar cheart don Aontas Eorpach agus na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh iontu.

Creidimid nár cheart an dlúthpháirtíocht ná an tsaoirse phearsanta a chur i mbaol riamh.

Creidimid gur gá don tsochaí a tomhaltas a laghdú agus gur cheart do thruaillitheoirí freagracht a ghlacadh.

Lógó an ghrúpa pholaitiúil fhicseanúil 'Saoirse': cruinneog

## Cruinneog/Saoirse

Tacaímid le gnólachtaí agus le nuálaíocht. Is iadsan an crann taca do shochaí láidir a leanfaidh uirthi ag fás.

Creidimid gur cheart saoirse an duine aonair a chosaint i gcónaí.

Creidimid gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit ligean do ghnólachtaí a bheith solúbtha sa chaoi a dtéann siad i ngleic le dúshláin.

## 5.2 Eolas a chur ar an Aontas Eorpach

Tá tábhacht ag baint le heolas a chur ar bhunús, luachanna, stair agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh. Leis na gníomhaíochtaí a mholtar thíos, cuirtear na coincheapa is tábhachtaí a bhaineann leis an Aontas i láthair rannpháirtithe ar bhealach spraíúil agus tarraingteach, ós rud é go bhfuil siad bunaithe ar mhodheolaíocht na 'foghlama cluiche-bhunaithe'.

Cruthaíodh na gníomhaíochtaí seo do sheomraí ranga scoile mar chuid den uirlis oideachais **'Europe@ scoil – Ceachtanna gníomhacha faoin Aontas Eorpach'** agus **Clár Scoileanna Ambasadóra Pharlaimint na hEorpa (EPAS)**, ach is féidir iad a úsáid in aon suíomh oideachais eile freisin.

Chun cabhrú le himreoirí ullmhú le haghaidh an chluiche rólimeartha fhíorúil, molaimid na modúil seo a leanas:

- **Ballstáit an Aontais Eorpaigh (Modúl 2)**
- **Stair an Aontais agus fíricí faoi (Modúl 3)**
- **An tAontas inár saol laethúil (Modúl 4)**
- **Luachanna an Aontais (Modúl 5)**

Tá ábhar uile na modúl ar fáil anseo:
Tá treoirlínte agus ábhair chun tacú le héascaitheoirí i ngach modúl. Maireann na gníomhaíochtaí idir 20 agus 40 nóiméad. Ina theannta sin, féadfaidh tú na gearrfhíseáin bheochana seo a leanas (gach ceann faoi bhun nóiméid) a chruthaigh Parlaimint na hEorpa a cheadú.

**Cliceáil ar na boscaí chun a fháil amach:**

↓

**Cad is AE ann?**

**Cad iad luachanna AE?**

**Cad iad cumhachtaí AE?**

**Cad é margadh aonair AE?**

**Buntáistí a bhaineann leis an Aontas Eorpach**

**Ar bhain mise leas as AE riamh?**

**Cad a fhaighim ó AE?**

**Cad a chosnaíonn AE orm?**

**An bhfuil AE fós ábhartha?**

## 5.3
## Eolas a chur ar Pharlaimint na hEorpa

Díríonn an cluiche rólimeartha fíorúil ar phróiseas cinnteoireachta Pharlaimint na hEorpa agus ar leagan simplithe de nós imeachta reachtach an Aontais. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an bParlaimint – ar an gcaoi a bhfeidhmíonn sí, ar a struchtúr agus ar an gcaoi a ndéanann Feisirí ionadaíocht ar shaoránaigh an Aontais – tá roinnt acmhainní anseo chun cabhrú le himreoirí a gcuid eolais a leathnú agus an leas is fearr a bhaint as an gcluiche:

- **físeáin ghearra faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an Pharlaimint**
- **Turas digiteach go Parlaimint na hEorpa**

Ná bíodh drogall ort na hacmhainní a úsáid ar an gcaoi is fearr a n-oireann siad do do chás – mar ghrúpa nó mar ghníomhaíocht aonair agus tráth na gceist ina diaidh, mar bhealach chun tús a chur le díospóireacht nó mar chuid den chonair foghlama fhoriomlán faoin bParlaimint.



Léaráid d'fhoirgneamh Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg

## 5.3.1 Cad is Parlaimint na hEorpa ann agus cén chaoi a n-oibríonn sí?

Tá roinnt físeáin ghearra cruthaithe ag **Parlaimint na hEorpa** (tá gach ceann acu níos giorra ná nóiméad amháin), ina mínítear ar bhealach simplí siamsúil a bhfuil inti agus an chaoi a n-oibríonn sí.

**Molaimid féachaint ar na físeáin seo a leanas ar a laghad:**

↓

- **Cad is Parlaimint na hEorpa ann?**
- **Toghcháin Eorpacha 2024: conas a oibríonn an próiseas vótála?**
- **Conas a dhéanann Feisirí ionadaíocht orm?**
- **Conas is féidir leat éisteacht a fháil?**
- **Próiseas cinnteoireachta AE**

## 5.3.2 Turas digiteach go Parlaimint na hEorpa

Is sa Bhruiséil, in Strasbourg agus i Lucsamburg atá ceanncheathrúna Pharlaimint na hEorpa. Tá líonra de thaispeántais ilmheán idirghníomhacha ag an bParlaimint freisin ar a dtugtar **'Europa Experience'** atá lonnaithe ar fud na hEorpa (tuilleadh eolais anseo).



Léaráid de charachtar sa chluiche: feirmeoir óg, gléasta go neamhfhoirmeálta, le hata tuí ar a cheann.

Ach ní féidir le gach saoránach den Aontas cuairt a thabhairt ar an bParlaimint ná ar a suíomhanna eile ar fud na hEorpa. Mar sin tá uirlisí breise curtha ar fáil againn chun cur leis na roghanna cuairte pearsanta agus chun an Pharlaimint a thabhairt níos gaire do dhaoine ina dtithe, ina scoileanna agus ina bpobail.

Tá ceithre ghníomhaíocht idirghníomhacha saor in aisce sa Turas Digiteach go Parlaimint na hEorpa, agus is féidir iad a úsáid i 24 theanga oifigiúla an Aontais. Is é is aidhm dó deis a thabhairt do dhaoine eolas a chur ar an bParlaimint, fáil amach fúithi agus féachaint timpeall uirthi, cibé áit a bhfuil siad, trí ardáin thumthacha agus idirghníomhacha.

# 5. Roimh an gcluiche

**Conas na huirlisí sin a chur chun úsáide i do sheisiúin ar ábhair a bhaineann leis an Aontas:**

## Cuir eolas ar an bParlaimint in 360°

Cuir beocht i do ranganna faoi dhaonlathas **na hEorpa** trí do dhaltaí a thabhairt ar thuras fíorúil go croílár an daonlathais sin: **Parlaimint na hEorpa**.

Leis an turas sin, beidh tú féin agus do dhaltaí in ann siúl trí hallaí Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil agus in Strasbourg, bualadh le hUachtarán **Pharlaimint na hEorpa** agus le Feisirí ó na grúpaí polaitiúla éagsúla, agus eolas a chur ar an gcaoi a gcuireann an Pharlaimint reachtaíocht ar fáil a théann i bhfeidhm ar shaol gach duine a chónaíonn san Aontas.

Is féidir an uirlis seo a úsáid léi féin nó i seomra ranga le gaireas atá nasctha leis an idirlíon agus le scáileán/teilgeoir atá mór go leor chun go bhfeicfidh gach dalta é. Feidhmíonn an t-oideoir mar éascaitheoir agus bíonn sé i bhfeighil an turais, a mhaireann thart ar 20 nóiméad.

Cuir tús leis an turas

## Bí i d'Fheisire

Ar mhaith leat léargas níos fearr a thabhairt do d'imreoirí ar obair na bhFeisirí?

Le 'Bí i d'Fheisire' beidh siad in ann eolas pearsanta a fháil ar an obair a dhéanann Feisire agus na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- **Cad go díreach a dhéanann Feisire?**
- **Cad iad na cúraimí agus na freagrachtaí atá orthu?**
- **Cén chaoi a gcinntíonn an pobal go nglacann siad freagracht as an méid a dhéanann siad?**

Tógann an turas thart ar 10 nóiméad agus is féidir é a dhéanamh le spéaclaí réaltachta fíorúla (VR) agus ar bhrabhsálaí, leis an ábhar céanna.

Bain triail as i do bhrabhsálaí

Íoslódáil ár n-aip VR saor in aisce ó shiopa Oculus:

## Cuairt fhíorúil ar Áras Stair na hEorpa

Taispeáin bealach difriúil do do dhaltaí chun stair na hEorpa a fhiosrú!

Leis an turas fíorúil seo go hÁras Stair na hEorpa a dhéantar ar bhrabhsálaí, is féidir leat féin agus do dhaltaí dul i mbun turas digiteach trí stair mhór-roinn na hEorpa agus eolas a chur ar fhréamhacha ársa mhuintir na hEorpa – ar na nithe a thugann le chéile muid agus ar na nithe a dheighil muid óna chéile.

Is féidir an uirlis seo a úsáid léi féin nó i seomra ranga le gaireas atá nasctha leis an idirlíon agus le scáileán/teilgeoir atá mór go leor chun go bhfeicfidh gach dalta é. Feidhmíonn an t-oideoir mar éascaitheoir agus bíonn sé i bhfeighil an turais, le treoir ónár gcoimeádaithe a bhfuil saineolas acu.

Cuir tús le do thuras

Má chuirtear an Turas Digiteach go Parlaimint na hEorpa agus na huirlisí i láthair na n-imreoirí sula n-imríonn siad an cluiche rólimeartha fíorúil, is féidir cur leis an taithí thumthach agus tuiscint níos fearr a thabhairt dóibh ar obair Pharlaimint na hEorpa tríd an bhfoghlaim dhigiteach ó thaithí.

Cuir tús le do thuras digiteach go Parlaimint na hEorpa

# Le linn an chluiche, déanann Marie agus Conor na himreoirí a threorú trí gach céim.

## 6.1 San fhíorshaol

Is píosaí eolais atá scaipthe ar fud an chluiche iad na blúiríní 'San fhíorshaol' a chuireann tuilleadh eolais ar fáil faoi nósanna imeachta institiúideacha an Aontais agus/nó a shoiléiríonn an difríocht idir na próisis sa chluiche agus na próisis mar a bhíonn siad san fhíorshaol.

Bíonn na blúiríní 'San fhíorshaol' le feiceáil mar scáileán statach sa chluiche agus ní bhíonn aon teorainn ama leo. Fágann sé seo faoi éascaitheoir an chluiche é cinneadh a dhéanamh faoin méid ama is mian leo a chaitheamh orthu. Chun na himreoirí a choinneáil tumtha sa chluiche, molaimid gan aon phlé a oscailt ag céim na mblúiríní 'San fhíorshaol' ach fanacht go dtí an seisiún faisnéisithe. Is féidir leis an éascaitheoir bogadh níos faide sa chluiche trí chliceáil ar 'Lean ar aghaidh'.

Anseo, is féidir leat teacht ar an liosta iomlán de na blúiríní 'San fhíorshaol' sa chluiche, chomh maith le nasc chuig eolas níos mionsonraithe.

### Próiseas reachtach an Aontais

Déanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht ar chomhleasanna an Aontais Eorpaigh agus tá sé de chumhacht aige tograí dlí a dhéanamh.
Ansin oibríonn Parlaimint na hEorpa i gcomhar le Comhairle an Aontais Eorpaigh chun reachtaíocht a dhéanamh den togra trí leasuithe ar an téacs a thabhairt isteach nuair is gá agus vótáil a dhéanamh orthu go dtí go dtiocfaidh siad ar chomhaontú.

Tuilleadh eolais anseo agus anseo.

Is é an tasc atá agatsa mar éascaitheoir ná a chinntiú go dtéann an cluiche ar aghaidh mar is ceart agus a mheabhrú do na himreoirí a bheith ar an eolas faoin am atá ar fáil do gach tasc. Mar a luadh cheana, má fheiceann tú go bhfuil níos mó nó níos lú ama ag teastáil le haghaidh céimeanna áirithe, is féidir leat na cnaipí sos nó léim ar aghaidh a úsáid i gcónaí, ag brath ar do chuid riachtanas.

Molaimid duit tú féin a chur ar an eolas faoi na gnéithe seo a leanas atá sa chluiche:

- **San fhíorshaol**
- **Gluais**
- **Rialacha an chluiche**



Léaráid de charachtar Uachtarán Pharlaimint na hEorpa atá sa chluiche: bean mheánaosta, agus fillteáin le páipéir ina lámha aici

Léaráid de charachtar sa chluiche: cathaoirleach ficseanúil ar choiste ENVI, fear óg a bhfuil culaith air

# 6. Le linn an chluiche

## Grúpaí polaitiúla Pharlaimint na hEorpa

Suíonn na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i ngrúpaí polaitiúla – atá eagraithe de réir cleamhnacht pholaitiúil seachas ar bhonn náisiúnta. Tá 7 ngrúpa pholaitiúla i bParlaimint na hEorpa faoi láthair. Cé nach gceadaítear d'Fheisirí a bheith páirteach i níos mó ná grúpa polaitiúil amháin, is féidir leo a chinneadh gan iad féin a cheangal le haon ghrúpa agus ansin tugtar 'Feisirí neamhcheangailte' orthu.

Tuilleadh eolais

## Na toghcháin Eorpacha

Toghann saoránaigh an Aontais Eorpaigh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa gach cúig bliana. Is í Parlaimint na hEorpa bhur nguth agus is í an t-aon institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh í a thoghtar go díreach. Is iad na Ballstáit a chinneann an aois íosta le bheith incháilithe chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir sna toghcháin Eorpacha. Ní hamháin go bhfuil sé de cheart agaibh vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha, ach is deis freisin é chun bhur dtuairimí faoi thodhchaí an Aontais Eorpaigh a chur in iúl.


**Caithigí vóta agus cuir bhur dtuairimí in iúl!**

Tuilleadh eolais

## Coiste

San fhíorshaol, ní roinntear na coistí ina ngrúpaí, oibríonn siad mar aonaid iomlána. Cinneann Uachtarán Pharlaimint na hEorpa cé acu ceann de na 20 buanchoiste a bheidh i gceannas ar thogra áirithe ón gCoimisiún. Bunaítear na coistí bunaithe ar bheartais éagsúla. Is féidir le dhá choiste nó níos mó oibriú ar thogra le chéile i gcásanna ina mbíonn tionchar aige ar roinnt réimsí beartais.

Tuilleadh eolais



Léaráid de charachtair sa chluiche: beirt ghníomhaithe aeráide óga, gléasta go neamhfhoirmeálta, ar aghaidh a chéile amach

# 6. Le linn an chluiche

## Leasuithe

San fhíorshaol, is féidir le gach Feisire den Pharlaimint leasuithe (athruithe) ar an togra dlí a mholadh sa choiste ina bhfuil siad ina suí. Is féidir le roinnt Feisirí – fiú Feisirí ó ghrúpaí polaitiúla éagsúla – leasú a chur chun cinn le chéile freisin. Nuair a ghlactar sa choiste é, ní mór fós an téacs a fhormheas sa suí iomlánach. Is féidir na leasuithe sin agus aon leasuithe nua a thabhairt isteach sa suí iomlánach.

## Vótáil leasú ar leasú

San fhíorshaol, vótálann Feisirí Pharlaimint na hEorpa ar fad arís ar gach leasú ceann ar cheann sa suí iomlánach. Is féidir leis an gcoiste, grúpa polaitiúil nó 40 Feisire ar a laghad le chéile leasuithe nua a chur síos freisin. Má ghlactar sa suí iomlánach é, caithfidh an téacs formheas na Comhairle a fháil chun dlí a dhéanamh de. I gcásanna áirithe, is féidir leis an suí iomlánach seasamh na Comhairle a fhormheas go díreach nó diúltú dó go díreach.

Tuilleadh eolais

## An Coimisiún, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh

Cuireann an Coimisiún Eorpach tús leis an nós imeachta trí thogra le haghaidh dlí AE a chur ar aghaidh. Is comhreachtóirí iad Parlaimint na hEorpa, a dhéanann ionadaíocht ar shaoránaigh an Aontais, agus Comhairle an Aontais Eorpaigh, a dhéanann ionadaíocht ar rialtais na mBallstát: tá an chumhacht chéanna acu i nglacadh agus leasú dhlíthe an Aontais. Gníomhaíonn an Pharlaimint ar dtús agus féadfaidh sí diúltú don togra ón gCoimisiún, glacadh leis mar atá, nó é a leasú. Ansin, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh glacadh le seasamh na Parlaiminte, agus sa chás sin glactar an gníomh reachtach, nó féadfaidh sí seasamh eile a ghlacadh. Mura féidir leo teacht ar chomhaontú, téann siad i mbun caibidlíochta. Nuair a bhíonn deireadh leis an gcaibidlíocht sin, is féidir leis an dá institiúid vóta a chaitheamh i bhfabhar nó i gcoinne. Léiríonn an próiseas an chaoi nach mbeadh aon dlí de chuid an Aontais ann, gan comhaontú agus comhréiteach idir an dá institiúid sin.

Tuilleadh eolais anseo and anseo.



Léaráid de charachtar sa chluiche: bean óg, ag déanamh ionadaíocht ar leasanna tomhaltóirí, ina suí i gcathaoir rothaí

# 6. Le linn an chluiche

## Cruinnithe tríthaobhacha

Is iondúil go ndéantar an t-athbhreithniú ar na leasuithe i bhfoirm cruinniú tríthaobhach. Is cruinnithe neamhfhoirmeálta idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach iad na cruinnithe tríthaobhacha. Is féidir iad a dhéanamh ag céim ar bith den nós imeachta reachtach, chun teacht ar chomhaontú sealadach maidir le téacs a bheidh inghlactha don Chomhairle agus don Pharlaimint araon. San fhíorshaol, féadfaidh an Chomhairle nó aon Fheisire den Pharlaimint leasuithe a mholadh ag an gcéim seo. Is minic a thugann siad isteach na céadta nó fiú na mílte leasuithe ar thuarascálacha, a ndéantar vótáil orthu ansin.

Tuilleadh eolais anseo agus anseo.

## An suí iomlánach agus an córas vótála

Tagann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa le chéile uair sa mhí ar an meán, ag suí iomlánach. Le linn na seisiún sin, déanann siad díospóireacht agus vótálann siad ar thograí dlí a d'ullmhaigh na coistí agus na grúpaí polaitiúla ar feadh míonna. Chun go nglacfar é, ní mór do thogra dlí tromlach na vótaí a fháil. Agus iad ag vótáil, is féidir leis na Feisirí vótáil i bhfabhar nó i gcoinne, nó staonadh ón vóta. I gcás staonadh, ní chuirtear an vóta san áireamh chun an tromlach a ríomh.

## Diúltú don togra

Má dhiúltaítear do thogra reachtach ag céim ar bith den nós imeachta, nó mura féidir leis an bParlaimint agus leis an gComhairle teacht ar chomhréiteach, ní ghlactar an togra agus tagann deireadh leis an nós imeachta.

Ní féidir tús a chur le nós imeachta nua ach amháin le togra nua ón gCoimisiún.

Tuilleadh eolais anseo agus anseo.



Léaráid de charachtair sa chluiche: airí ina suí i seomra cruinnithe ag Comhairle an Aontais Eorpaigh

## 6.2
## Gluais

## Tá Gluais leis na téarmaí tábhachtacha don imreoir ar fáil sa roghchlár ar ghaireas an imreora.



Léaráid de bhratach an Aontais Eorpaigh le 12 réalta óir i gciorcal ar chúlra gorm

### Leasú:

Nuair a dhéantar téacs, mar shampla dlí, a athrú, nuair a chuirtear leis nó nuair a bhaintear de.

### Coimisinéir:

Is éard is **Coimisinéir** ann ná comhalta den Choimisiún Eorpach – brainse feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh.

Tá na Coimisinéirí freagrach as beartais agus reachtaíocht a fhorbairt agus a chur chun feidhme thar ceann an Aontais, agus is iad rialtais na mBallstát a cheapann iad.

Tugtar punann nó réimse freagrachta ar leith do gach Coimisinéir, mar shampla trádáil, an comhshaol nó ceartas agus tomhaltóirí, agus oibríonn siad le chéile chun a chinntiú go bhfeidhmíonn an tAontas Eorpach go héifeachtach agus ar mhaithe le leas a chuid saoránach.

### Coiste (Coiste parlaiminteach):

Tá Feisirí de Pharlaimint na hEorpa roinnte i measc 20 coiste speisialaithe, atá eagraithe de réir réimse saineolais (e.g. an comhshaol – ENVI, fostaíocht – EMPL, etc.). Toghann gach coiste cathaoirleach amháin agus suas le ceathrar leaschathaoirleach.

Is é cúram na gcoistí an obair ullmhúcháin a dhéanamh do shuíonna iomlánacha na Parlaiminte, mar shampla tograí reachtacha an Choimisiúin a mheas agus athruithe ar théacs a mholadh chun seasamh na Parlaiminte a léiriú. Is féidir le dhá choiste nó níos mó oibriú le chéile má bhaineann an togra le réimsí freagrachta an dá ghrúpa.

# 6. Le linn an chluiche

## Comhairle an Aontais Eorpaigh:

Déanann Comhairle an **Aontais Eorpaigh**, ar a dtugtar an Chomhairle, nó Comhairle na nAirí freisin, ionadaíocht ar rialtais thíortha an Aontais. Tá sí comhdhéanta d'airí rialtais náisiúnta ó gach Ballstát, agus iad grúpáilte de réir réimse beartais. Déanann siad ionadaíocht ar leasanna a dtíre féin san Aontas. Tá sí freagrach as beartais na mBallstát a chomhordú i réimsí ar leith, comhbheartais eachtracha agus slándála an Aontais a fhorbairt, comhaontuithe idirnáisiúnta a chur i gcrích, agus, i gcomhthráth le Parlaimint na hEorpa, as buiséad agus dlíthe an Aontais a phlé agus a ghlacadh.

## An Coimisiún Eorpach:

Cuireann an **Coimisiún Eorpach** leasanna ginearálta an Aontais chun cinn. Ainmníonn gach tír san Aontas Coimisinéir amháin agus ní mór do Pharlaimint na hEorpa an t-ainmniúchán sin a fhormheas.

Is é an Coimisiún atá freagrach as dlíthe nua an Aontais a mholadh, as beartais agus buiséad an Aontais a chur chun feidhme, as a chinntiú go gcloíonn tíortha an Aontais le dlí an Aontais, agus as ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais go hidirnáisiúnta.

## An Chomhairle Eorpach:

Sa Chomhairle Eorpach feictear an leibhéal is airde comhair pholaitiúil idir na Ballstáit. Tionóltar a cruinnithe, ar a dtugtar cruinnithe mullaigh, sa Bhruiséil ceithre huaire in aghaidh na bliana. Ag na cruinnithe sin, déanann Ceannairí Stáit agus Cinn Rialtais ó thíortha uile an Aontais, faoi chathaoirleacht uachtaráin, príomhthosaíochtaí agus treo foriomlán bheartais an Aontais a leagan síos.

## Parlaimint na hEorpa:

Is í Parlaimint na hEorpa guth shaoránaigh an Aontais agus is í an t-aon institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh í a thoghtar go díreach.

Go deimhin, toghann vótálaithe i ngach Ballstát Feisirí Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) go díreach chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna daoine maidir le reachtóireacht an Aontais agus chun a chinntiú go bhfuil institiúidí eile an Aontais ag obair go daonlathach.

## Reachtaíocht:

Sa chomhthéacs seo, is ionann an téarma seo agus an dlí nó sraith dlíthe.

# 6. Le linn an chluiche

## Forógra:

Is éard is **Forógra** ann ná dearbhú poiblí maidir leis na tuairimí, cuspóirí agus spriocanna grúpa, eagraíochta nó páirtí polaitíochta. De ghnáth, tugann sé léiriú ar na luachanna agus na prionsabail a threoraíonn gníomhaíochtaí agus beartais an ghrúpa, agus d'fhéadfadh tograí nó moltaí sonracha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sóisialta, eacnamaíocha nó polaitiúla a bheith san áireamh ann.

Is minic a úsáidtear forógraí mar uirlis abhcóideachta agus chun teachtaireacht shoiléir chomhtháite a chur in iúl don phobal nó do gheallsealbhóirí eile. Is féidir leo tionchar a imirt ar mhúnlú thuairimí an phobail agus díospóireachtaí beartais, go háirithe le linn feachtais toghcháin nó gluaiseachtaí sóisialta.

## Feisire (FPE):

Seasann **'FPE' do 'Feisire de Pharlaimint na hEorpa'**. Is oifigigh thofa iad Feisirí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna shaoránaigh an Aontais Eorpaigh (AE) i bParlaimint na hEorpa.

Tá Parlaimint na hEorpa ar cheann de phríomhinstitiúidí an Aontais agus tá sí freagrach as dlíthe a rith, buiséad an Aontais a fhormheas, agus institiúidí an Aontais a choinneáil cuntasach. Toghtar na Feisirí go díreach i ngach Ballstát den Aontas Eorpach, agus oibríonn siad i gcoistí agus i suíonna iomlánacha chun díospóireacht agus vótáil a dhéanamh ar reachtaíocht agus ábhair eile a bhaineann leis an Aontas.

## ENR:

Seasann **ENR do** 'eagraíocht neamhrialtasach'. Is ionann **ENR** agus eagraíocht neamhbhrabúis a fheidhmíonn go neamhspleách ar an rialtas agus a bhíonn á stiúradh de ghnáth ag sprioc shóisialta nó pholaitiúil ar leith. Is féidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha díriú ar réimse leathan saincheisteanna, lena n-áirítear cabhair dhaonnúil, cearta an duine, caomhnú an chomhshaoil, oideachas agus sláinte phoiblí.

Is minic a oibríonn siad ar aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i seirbhísí rialtais nó ar son athruithe ar an mbeartas poiblí. Is féidir eagraíochtaí neamhrialtasacha a mhaoiniú trí thabhartais, trí dheontais nó trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí eile, agus féadfaidh siad obair a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta.

## Suí iomlánach:

Is é an **suí iomlánach**, ar a dtugtar seisiún iomlánach freisin, an fóram ina dtagann na Feisirí – ionadaithe tofa shaoránaigh an Aontais Eorpaigh, le chéile chun a seasamh ar thograí dlí an Aontais a chur in iúl.

Tá sé comhdhéanta de 705 Fheisire, atá ceangailte le 7 ngrúpa pholaitiúla éagsúla (nó nach bhfuil ceangailte le grúpa ar bith). Bíonn gach Feisire páirteach i gcoiste freisin, ag brath ar a réimse saineolais. Léiríonn na díospóireachtaí agus na vótaí a bhíonn ar siúl sa suí iomlánach toradh na hoibre reachtaí a dhéantar sna coistí agus sna grúpaí polaitiúla. Déanann Uachtarán Pharlaimint na hEorpa cathaoirleacht ar an suí iomlánach.

## Grúpa polaitiúil:

Suíonn na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i ngrúpaí polaitiúla – atá eagraithe de réir cleamhnacht pholaitiúil seachas ar bhonn náisiúnta. Tá 7 ngrúpa pholaitiúla i bParlaimint na hEorpa faoi láthair. Cé nach gceadaítear d'Fheisirí a bheith páirteach i níos mó ná grúpa polaitiúil amháin, is féidir leo a chinneadh gan iad féin a cheangal le haon ghrúpa agus ansin tugtar 'Feisirí neamhcheangailte' orthu.

## Geallsealbhóir:

Is ionann geallsealbhóir agus duine aonair, grúpa daoine nó eagraíocht ar féidir le tionscadal, tionscnamh nó beartas tionchar dearfach nó diúltach a imirt orthu. Is féidir geallsealbhóirí a thabhairt freisin ar ghrúpaí nó daoine a dhéanann ionadaíocht ar leasanna ar leith, mar shampla grúpaí comhshaoil, eagraíochtaí neamhrialtasacha, etc., agus a bhféadfaí dul i gcomhairle leo faoin bpróiseas cinnteoireachta agus/nó a d'fhéadfadh a bheith rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta lena chinntiú go gcuirfear iarmhairtí uile an chinnidh san áireamh.

## Lecheile.eu:

Is pobal uile-Eorpach é **lecheile.eu** a spreagann gach duine chun páirt a ghlacadh sa daonlathas agus gníomhú i dtreo todhchaí níos fearr san Aontas Eorpach. Is tionscnamh neamhpháirtíneach ó Pharlaimint na hEorpa é. Glacann pobal lecheile.eu páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí, imeachtaí, feachtais agus oiliúint faoi dhaonlathas an Aontais agus eagraíonn sé féin imeachtaí, gníomhaíochtaí etc. freisin.

## Cruinniú tríthaobhach:

Is cruinnithe neamhfhoirmeálta idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach iad na **cruinnithe tríthaobhacha**. Is féidir iad a eagrú ag céim ar bith den nós imeachta reachtach, chun teacht ar chomhaontú sealadach maidir le téacs a bheidh inghlactha don Chomhairle agus don Pharlaimint araon.

## 6.3
## Rialacha an chluiche

## Is féidir rialacha an chluiche a fháil i roghchlár an chluiche.

## Forléargas

Tá ról mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa glactha agaibh agus é curtha de chúram oraibh dlí Eorpach nua a mhúnlú. Chun é sin a dhéanamh, beidh oraibh tabhairt faoi dhíospóireacht, caibidlíocht agus vótáil in éineacht leis na Feisirí eile agus breithniú á dhéanamh agaibh ar fhorógra bhur ngrúpa pholaitiúil agus ar thuairimí shaoránaigh na hEorpa de réir mar a théann an dlí tríd an bpróiseas parlaiminteach.

**1. Díospóireacht agus vótáil sa choiste**
**2. Plé sna grúpaí polaitiúla agus urlabhraí a ainmniú**
**3. An chéad díospóireacht agus vóta sa suí iomlánach**
**4. An dara díospóireacht agus vóta sa suí iomlánach**
**5. Toradh deiridh: an rithfear an dlí?**

## Plé sa ghrúpa polaitiúil

I gcomhar leis na comhaltaí eile in bhur ngrúpa polaitiúil, smaoinígí ar argóintí a chuirfeadh ina luí ar na grúpaí eile tacú leis na leasuithe atá á moladh agaibh. Treoir don chaibidlíocht agus do na díospóireachtaí:

**1. Bíodh urraim agaibh do thuairimí na n-imreoirí eile agus éistigí lena n-argóintí**
**2. Roinnigí bhur n-argóintí ar bhealach soiléir**
**3. Cuardaígí réitigh agus comhréitigh mhalartacha**
**4. Tá todhchaí bhur gcomhshaoránach Eorpach á múnlú agaibh. Ná déanaigí dearmad go mbeidh tionchar ag an gcaoi a vótálfaidh sibh ar shaol na ndaoine sin!**



Léaráid de sheomra cruinnithe coiste folamh i bParlaimint na hEorpa

# 6. Le linn an chluiche

## Vóta sa choiste

Tá 5 nóiméad agaibh chun an dá leasú ba cheart a chur i láthair sa suí iomlánach a roghnú. Roghnaígí suas le dhá leasú ar an scáileán agus ansin cuirigí isteach bhur vóta tríd an gcnaipe tiomnaithe.

Ní rachaidh leasú ar aghaidh ach amháin má fhaigheann sé vóta tromlaigh (níos mó ná 50%) ón ngrúpa coiste. Is féidir dhá leasú ar a mhéad ó gach grúpa a chur ar aghaidh. Má éiríonn le níos mó ná dhá leasú tromlach a bhaint amach, déanfar vótaí ó Fheisirí de ghrúpaí polaitiúla eile ar chuir tú ina luí orthu aontú leat a chomhaireamh faoi dhó.

## Urlabhraí a ainmniú

I gcomhar leis na comhaltaí eile de bhur ngrúpa polaitiúil, tugtar cuireadh daoibh urlabhraí a ainmniú chun ionadaíocht a dhéanamh ar bhur seasamh agus smaointe comhroinnte ag an suí iomlánach. Is féidir é sin a dhéanamh trí thaispeáint lámh nó trí chomhaontú a aimsiú le bhur gcomh-Fheisirí.

Mar urlabhraí, rachaidh tú go barr an tseomra agus beidh 30 soicind agat chun do sheasamh a chur i láthair agus na Feisirí eile ag an suí iomlánach a thabhairt leat. Nuair a bheidh a gcuid ráite ag na grúpaí go léir, tabharfar deis cainte d'aon imreoir ar mian leis labhairt.

Leideanna don chaint: bí chomh soiléir agus is féidir agus ullmhaigh do phointí cainte roimh ré. Cloígh le 2–3 phointe:

1. **tá an reachtaíocht seo go maith/go holc/inghlactha mar gheall ar...**
2. **ciallóidh an reachtaíocht seo go ndéanfar difear do ghnáthshaol shaoránaigh an Aontais ar bhealach...**
3. **abair an dtacaíonn do ghrúpa leis an reachtaíocht nó nach dtacaíonn.**

## An chéad vóta sa suí iomlánach

Tugtar cuireadh daoibh vótáil ar an téacs dlí ina iomláine, lena n-áirítear na leasuithe a ritheadh sa choiste. Beidh 30 soicind agaibh chun an vóta a ghlacadh nó a dhiúltú, nó staonadh ón vótáil trí na cnaipí cuí a thaispeántar ar an scáileán.

Glacfar leis an dlí má roghnaíonn níos mó ná 50% de líon iomlán na n-imreoirí glacadh leis an dlí. Má staonann imreoir ón vótáil, baintear a vóta ó líon iomlán na n-imreoirí.

## An dara vóta sa suí iomlánach

Anois cuirtear na leasuithe a thug an Chomhairle isteach, leasuithe tosaigh na Parlaiminte agus leasú comhréitigh malartach in bhur láthair. Tá 30 soicind agaibh chun an leagan ar mhaith libh tacú leis a roghnú, nó is féidir staonadh ón vóta nó an leasú a dhiúltú go hiomlán.

Ní ghlacfar le leasuithe ach amháin má tá tromlach soiléir ag ceann de na roghanna. I gcás ina mbeidh an líon céanna vótaí ag dhá rogha, diúltófar don leasú.

# 7. Tar éis an chluiche

## Níl seisiún leantach tar éis an chluiche éigeantach ach moltar go láidir é a dhéanamh, mar go bhfuil sé an-úsáideach.

Sa chaibidil seo, is féidir teacht ar roinnt gníomhaíochtaí molta le déanamh le do rannpháirtithe chun tuiscint a fháil ar an méid a d'fhoghlaim siad agus an chaoi ar féidir leo é sin a chur i bhfeidhm ina saol laethúil, chun cuidiú leo tuiscint a fháil ar a gcuid foghlama féin, nó fiú chun a fháil amach cad a thaitin leo faoin taithí agus cén chaoi a bhféadfaí é a fheabhsú don chéad uair eile.

Gheobhaidh tú eolas freisin maidir le conas is féidir dul níos faide le do dhaltaí agus teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bParlaimint trí phobal ar líne nó trí chuairt a thabhairt ar thaispeántais idirghníomhacha na Parlaiminte i bpríomhchathracha na mBallstát.

## 7.1 Seisiún faisnéisithe

Is é an seisiún faisnéisithe leis na rannpháirtithe an t-am is fearr chun seasamh siar, machnamh a dhéanamh ar an ngníomhaíocht, anailís a dhéanamh ar an taithí agus tuiscint a fháil ar an méid a d'fhoghlaim an grúpa.

Tá sé mar aidhm leis an seisiún faisnéisithe an taithí a phlé sa ghrúpa agus cuid de na mothúcháin a bhí ag rannpháirtithe le linn an chluiche a chur in iúl ó bhéal, machnamh a dhéanamh ar an ngníomhaíocht agus tuairimí a roinnt, agus plé a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh agus na rudaí a chuir iontas ar dhaoine.

Is deis é freisin ceisteanna a fhreagairt, bealaí a aimsiú chun eolas a úsáid sa saol laethúil agus an méid atá foghlamtha a chur i bhfeidhm. Molaimid seisiún faisnéisithe a dhéanamh díreach tar éis an chluiche, nuair a bheidh an taithí agus na tuairimí fós úr in intinn na n-imreoirí. Moltar seisiún thart ar 30 nóiméad a dhéanamh, ag brath ar mhéid an ghrúpa agus ar an méid is mian leat a chlúdach san obair mhachnaimh.

Anseo thíos, tá cur chuige molta don seisiún faisnéisithe is féidir a chur in oiriúint do do chuid riachtanas.

- **Mothúcháin faoin taithí:**

Cén chaoi a mbraitheann tú tar éis an cluiche a imirt? Cén fáth a mbraitheann tú mar sin?

- **Sreabhadh an chluiche:**

An raibh sé deacair/éasca? Cad é an rud ab fhearr/ba mheasa faoi? An raibh spraoi ag baint leis?
An imreofá an cluiche arís? Cad ba mhaith leat a athrú?

- **Ceangal leis an saol laethúil:**

Cén chaoi a bhféadfá an taithí seo a úsáid i do shaol laethúil? An féidir leat samplaí a thabhairt?
Cén bhaint atá aige le do chomhphobal? An spreagann an taithí seo tú a bheith níos gníomhaí?

- **Foghlaim:**

Cad a fuair tú amach faoi Pharlaimint na hEorpa? Fút féin?
Cad atá foghlamtha agat? An raibh sé éasca caibidlíocht a dhéanamh agus comhréiteach a bhaint amach?
An raibh sé deacair tuairimí nach iad do thuairimí féin iad a léiriú?

## 7.2 Aiseolas nó meastóireacht i scríbhinn

Is bealach maith é an seisiún faisnéisithe chun na himreoirí a threorú trína dtaithí den chluiche agus chun a gcuid foghlama a thuiscint. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí deis do na himreoirí aiseolas gan ainm a thabhairt agus meastóireacht a dhéanamh ar obair an éascaitheora, ar na coinníollacha foriomlána agus ar an gcluiche féin.

Mura bhfuil aon am ann don seisiún faisnéisithe, is féidir foirm mheastóireachta a phriontáil agus a dháileadh nó a chur ar fáil trí nasc a thabharfaidh deis d'imreoirí aiseolas anaithnid a roinnt.

In **Iarscríbhinn I**, is féidir teacht ar shraith ceisteanna a bhaineann le meicníochtaí an chluiche agus taithí na n-imreoirí. Ná bíodh drogall ort gach ceist nó rogha ceisteanna éagsúla a chur san fhoirm mheastóireachta nó aiseolais.

## 7.3 Lecheile.eu

Is tionscadal é lecheile.eu atá faoi stiúir Pharlaimint na hEorpa d'aon duine ar mian leis seasamh ar son an daonlathais san Eoraip, trí líon na ndaoine a chaithfidh vóta i dtoghcháin Eorpacha 2024 a mhéadú. Is pobal de shaoránaigh aonair ar fud an Aontais é, ach is féidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus líonraí don óige clárú mar chomhpháirtithe agus mar thacadóirí don chúis chéanna freisin.

A bhuíochas do neart an phobail, cumasaíonn lecheile.eu na daoine uile a thacaíonn leis an daonlathas Eorpach trína ndéanamh níos láidre agus níos muiníní chun a nguth a ardú, a luachanna a roinnt agus gníomhú. Fáiltíonn sé roimh shaorálaithe d'aois ar bith nó d'aon chúlra, chomh maith le grúpaí agus eagraíochtaí. Cibé áit a bhfuil tú, is cuma cad a dhéanann tú, is cuma cad í do chúis nó do phrionsabail, ní iarraimid ort ach ár dtiomantas don daonlathas a roinnt.

Spreag do dhaltaí agus do rannpháirtithe chun clárú anseo.

## 7.4 Tairiscint Europa Experience

Chun bheith níos gaire do dhaoine ar fud an Aontais Eorpaigh, tá Parlaimint na hEorpa ag obair go dlúth chun deiseanna do chuairteoirí a mhéadú lasmuigh dá ceanncheathrúna sa Bhruiséil, in Strasbourg agus i Lucsamburg.

Chuige sin, tá spásanna ilmheán idirghníomhacha ar a dtugtar **'Europa Experience'** oscailte cheana féin i roinnt Ballstát de chuid an Aontais.

Trí úsáid a bhaint as uirlisí ilmheán ceannródaíocha, tugann ionaid 'Europa Experience' deis do chuairteoirí eolas a fháil faoin Aontas Eorpach agus faoin gcaoi a n-oibríonn sé, agus faoin gcaoi le bheith páirteach sa daonlathas Eorpach.

Tá gach cuairt ar Europa Experience saor in aisce agus tá siad ar fáil i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais.

Is féidir leis an tairiscint a bheith éagsúil ó ionad go hionad: mar shampla, scannán tumthach sa phictiúrlann faoin Aontas Eorpach, léarscáileanna idirghníomhacha, cluichí rólimeartha fisiciúla agus tuilleadh nach iad.

Faigh amach cad atá ar siúl ag an Europa Experience is gaire duit trí chuairt a thabhairt ar an nasc seo.

# 8. Iarscríbhinní

## 8.1
## Iarscríbhinn I: Foirm mheastóireachta/aiseolais

Go raibh maith agat as an gcluiche a imirt. Tabhair aiseolas ionraic agus mionsonraithe le do thoil.
Cá mhéad a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas? Cuir ciorcal ar do fhreagra faoi gach ráiteas le do thoil.

### 1) Bhí treoracha an chluiche soiléir.

1. Easaontaím go láidir 2. Easaontaím 3. Neodrach 4. Aontaím 5. Aontaím go láidir

### 2) Tugann an cluiche míniú soiléir ar ról Pharlaimint na hEorpa.

1. Easaontaím go láidir 2. Easaontaím 3. Neodrach 4. Aontaím 5. Aontaím go láidir

### 3) Tugann an cluiche míniú soiléir ar an bpróiseas cinnteoireachta.

1. Easaontaím go láidir 2. Easaontaím 3. Neodrach 4. Aontaím 5. Aontaím go láidir

### 4) Tugann an cluiche míniú soiléir ar phróiseas na leasuithe.

1. Easaontaím go láidir 2. Easaontaím 3. Neodrach 4. Aontaím 5. Aontaím go láidir

### 5) Tar éis dom an cluiche a imirt, tá níos mó spéise agam in ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach.

1. Easaontaím go láidir 2. Easaontaím 3. Neodrach 4. Aontaím 5. Aontaím go láidir

### 6) Tar éis dom an cluiche a imirt, braithim spreagtha le bheith níos gníomhaí ó thaobh na polaitíochta de.

1. Easaontaím go láidir 2. Easaontaím 3. Neodrach 4. Aontaím 5. Aontaím go láidir

### 7) Tar éis dom an cluiche a imirt, braithim níos spreagtha chun vótáil sna toghcháin Eorpacha.

1. Easaontaím go láidir 2. Easaontaím 3. Neodrach 4. Aontaím 5. Aontaím go láidir

### 8) Cén seans atá ann go n-imreoidh tú an cluiche arís?

1. Drochsheans 2. Beag seans 3. Neodrach 4. Seans 5. An-seans

**Go raibh maith agat as an gcluiche a imirt. :)**


## Luachanna agus Tosaíochtaí

In éineacht leis na daoine eile sa ghrúpa polaitiúil, bain úsáid as an gcárta seo chun do thosaíochtaí reatha a shainiú. Cuideoidh sé le bhur gcaibidlíocht a threorú le linn na gcruinnithe coiste agus sna suíonna iomlánacha.

**Cad iad na tosaíochtaí atá agaibh?**

**Ar aithin sibh aon ghrúpa polaitiúil a bhféadfadh sibh comhghuaillíocht a bhaint amach leis?**

**An bhfuil aon leasú ann nach féidir libh glacadh leis in aon chor nó aon cheann a bhféadfadh sibh teacht ar chomhréiteach ina leith?**



## Óráid Phoiblí

Úsáid an cárta seo chun d'óráid a ullmhú, is cuma más do shuí iomlánach nó do phreasagallamh í. Roghnaigh do chuid argóintí go ciallmhar, bí gonta agus coinnigh súil ar an am!
Roinnt leideanna!
Bí chomh soiléir agus is féidir;
Déan nóta den dá nó trí phríomhphointe is mian leat a chur in iúl:


**'Tá an reachtaíocht seo go maith/go holc/inghlactha mar gheall ar...'**

**'Tá/níl an reachtaíocht seo i gcomhréir le riachtanais na ngeallsealbhóirí mar...'**


**'Chinneamar tacú/gan tacú leis an reachtaíocht AE seo ar na cúiseanna seo a leanas...'**



Teach/Traidisiún



Crann/Éiceolaíocht



**Croí/Dlúthpháirtíocht**



**Cruinneog/Saoirse**

# Grúpa Coiste I

# Grúpa Coiste II

## IMRÍGÍ ANOIS!

vrpg.ep-digital-journey.eu

# An t-athrú aeráide

## Tugann Parlaimint na hEorpa (PE) tús áite do reachtaíocht uaillmhianach aeráide AE.

Tugann **Parlaimint na hEorpa** (PE) tús áite do reachtaíocht aeráide uaillmhianach AE. Le Dlí Aeráide 2021 leagtar síos oibleagáidí ceangailteacha chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Faoi 2030, ní mór don Aontas a chuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55% ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990.

### Conas a éireoidh linn an aeráidneodracht a bhaint amach? Cad iad na hoibleagáidí ceangailteacha?

Neartaíodh príomhuirlis an **Aontais** do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, an Córas Trádála Astaíochtaí **(CTA)**. Cuireann CTA praghas ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Íocann an truaillitheoir (an té a astaíonn an gás ceaptha teasa) an praghas seo. Faoi láthair, cumhdaíonn CTA thart ar 10,000 cuideachta in earnálacha éagsúla. Ciallaíonn an t-athchóiriú go gcuirfear earnálacha nua leis sin. Ina theannta sin, beidh spriocanna níos uaillmhianaí ag an Aontas ná mar a bhí roimhe seo: ní mór laghdú 62% a bheith tagtha ar astaíochtaí in earnálacha CTA faoi 2030.

Trí athchóiriú a dhéanamh ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha **(SCCT)**, cosnaíonn Parlaimint na hEorpa tionscal na hEorpa ar chritéir agus ar phraghsanna carbóin an Aontais. Cinntíonn **SCCT** go n-íoctar an praghas céanna ar tháirgí a allmhairítear isteach san Aontas ó earnálacha ar mór a lorg carbóin. Cinntíonn sé sin gur féidir le tionscal na hEorpa leanúint de bheith iomaíoch agus sampla a thabhairt do chuideachtaí thar lear.

Tá **Parlaimint na hEorpa** an-uaillmhianach maidir le húsáid talún agus cosaint foraoisí. Is linnte carbóin iad úsáid talún agus foraoisí, toisc go súnn siad isteach níos mó CO2 ón aer ná mar a scaoileann siad amach. Trí athchóiriú agus faireachán níos déine déanfaidh an tAontas neartú ar ár linnte carbóin, caomhnú ar an mbithéagsúlacht, agus beidh úsáid talún agus foraoiseacht níos neamhdhíobhálaí don aeráid mar thoradh air sin. Glacadh bearta freisin chun an dífhoraoisiú ar fud an domhain a laghdú tuilleadh. Ní bheidh aon táirgí le baint ónár seilfeanna, ach anois beidh ar tháirgeoirí a thaispeáint nár chuir an táirgeadh leis an dífhoraoisiú.

Tá an **tAontas** ar thús cadhnaíochta maidir le tuairisciú fírinneach faoin inbhuanaitheacht. Chun dul i ngleic leis an snas glas, ceanglaítear ar gach cuideachta mhór san Aontas Eorpach (thart ar 50,000!) sonraí a roinnt maidir leis an tionchar atá acu ar dhaoine agus ar an bpláinéad.

### Cén chaoi a n-íocfaidh muid as?

Ar an iomlán, úsáidfear **30% ar a laghad de bhuiséad an Aontais** chun tacú le cuspóirí aeráide – méid suntasach! Tá Parlaimint na hEorpa tiomanta freisin do chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Tá obair déanta aici ina leith sin agus cistí curtha ar bun aici amhail an Ciste Aeráide Sóisialta agus an Ciste um Aistriú Cóir chun tacú le réigiúin agus teaghlaigh níos boichte agus le fiontair leochaileacha a bhíonn ag streachailt leis an tionchar atá ag baint amach na haeráidneodrachta.

### Cad is fiú é do dhaoine óga?

Mar thoradh ar an aeráidneodracht agus ar an obair atá á déanamh chun í a bhaint amach, tabharfar cosaint ar na héifeachtaí is measa a bhaineann leis an athrú aeráide, beidh an t-aer, an t-uisce agus an ithir níos glaine, beidh níos lú dramhaíola ann, beidh roghanna iompair níos glaise ar fáil agus bainfear amach todhchaí níos fearr do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht. Beidh deiseanna nua fostaíochta mar thoradh uirthi freisin.

# Luchtaire uilíoch

## Faoi dheireadh 2024, beidh ar gach fón póca, táibléad agus ceamara luchtaire uilíoch a bheith acu.

Chuaigh muid go léir ar thurais le carnán cáblaí inár mbagáiste nó d'iarr muid luchtaire fóin ar iasacht ar chara nár oibrigh mar gur cineál difriúil fóin agus luchtaire atá acu. Faoi dheireadh 2024, ní bheidh a leithéid ag tarlú níos mó: beidh an luchtaire uilíoch céanna ag gach fón póca, táibléad agus ceamara: port **USB de Chineál C**. Faoi 2026, beidh ar gach ríomhaire glúine déanamh amhlaidh agus luchtú trí phort **USB de Chineál C** freisin.

### Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

**Rachaidh an beart seo chun leasa an chomhshaoil –**

- Laghdóidh an luchtaire uilíoch dramhaíl leictreonach 11,000 tonna in aghaidh na bliana.
- Tríd an ngá atá le go leor luchtairí éagsúla a laghdú, sábhálfaidh an luchtaire uilíoch amhábhair freisin.

**– agus chun leasa do sparáin**

Leis an mbeart sin, sábhálfaidh tomhaltóirí an Aontais thart ar €250 milliún in aghaidh na bliana.

- Déanfar gairis agus luchtairí a dhíol astu féin. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an rogha agat chun gairis a cheannach le luchtaire nó dá uireasa. Mar sin, má tá tú ag iarraidh fón nua a cheannach, ach go bhfuil do luchtaire fós ag obair go breá, is féidir leat an fón a cheannach leis féin.

# Cearta agus deiseanna comhionanna do mhná

## Prionsabal bunaidh de chuid an Aontais Eorpaigh is ea comhionannas idir na hinscní.

Agus tá sé tábhachtach dár dtéarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus do dhaonlathas an Aontais Eorpaigh ina iomláine. **Bhí Parlaimint na hEorpa** (PE) ar thús cadhnaíochta in dhá bheart a ceapadh chun comhionannas a chinntiú: an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá agus an Treoir maidir le Mná ar Bhoird.

### An Treoir maidir le Trédhearcacht Pá

Ar an meán, tuilleann mná san Aontas Eorpach 13% níos lú ná fir a dhéanann an post céanna. Níl ach laghdú beag tagtha ar an mbearna phá sin idir na hinscní le 10 mbliana anuas. Is é is aidhm don Treoir maidir le Trédhearcacht Pá cuidiú leis an mbearna sin a dhúnadh. Mar sin, cad a chiallaíonn sé go praiticiúil?

**Tá toirmeasc ar rúndacht pá**. Tá sé de cheart agatsa mar oibrí agus ag d'ionadaithe oibrithe (e.g. ceardchumann) eolas iomlán a fháil faoi do phá agus na meánleibhéil phá. Cabhróidh sé seo leat a fháil amach má tá bearna phá (inscne) ann.

**Féadfaidh tú cúiteamh a éileamh** má tá idirdhealú á dhéanamh ort maidir le do phá.

Ní mór **nósanna imeachta earcaíochta agus meastóireachta** a bheith neodrach ó thaobh inscne de agus neamh-idirdhealaitheach.

### An Treoir maidir le Mná ar Bhoird

Faoi dheireadh 2026, ní mór go mbeadh mná i **40% ar a laghad de na poist mar Stiúrthóirí nach Stiúrthóirí Feidhmiúcháin** iad, i gcuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná 249 bhfostaí acu.

- Má theipeann ar chuideachtaí cloí leis an Treoir, féadfaidh na Ballstáit pionós a ghearradh orthu

### Cad is fiú é do dhaoine óga?

An rud is tábhachtaí, pá comhionann as obair chomhionann! Is cuma d'inscne, is féidir leat a chinntiú go bhfaigheann tú cúiteamh cothrom as an obair a dhéanann tú. Ag an am céanna, táimid ag cur scoilt sa tsíleáil ghloine trína chinntiú go mbeidh deis chothrom ag mná dul chun cinn a dhéanamh chuig na leibhéil is airde sa domhan corparáideach.

# Pá íosta

## Le linn an téarma reachtaigh seo, ghlac Parlaimint na hEorpa (PE) rialacha nua maidir le pá íosta leordhóthanach

Tá ár gcostas maireachtála ag ardú – tá PE ag cinntiú go bhfaigheann oibrithe pá cothrom as a gcuid oibre. Faoi dheireadh 2024 ar a dhéanaí, ní mór do na Ballstáit uile íosphá a bheith i bhfeidhm acu.

## Cad iad na hoibleagáidí?

• Is inniúlacht náisiúnta é an t-íosphá a chinneadh. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé de cheart ag gach Ballstát a íosphá féin a shocrú. Tá ciall leis sin, ós rud é go bhfuil an costas maireachtála an-difriúil i mBallstáit éagsúla. Leis na rialacha nua, áfach, leagtar amach **caighdeáin do na Ballstáit maidir le cad ba cheart a bheith i bpá íosta leordhóthanach**. Urramaíonn na rialacha nua cleachtais náisiúnta socraithe pá freisin: má tá sé cinntithe ag Ballstát go gcosnaítear cearta agus ioncam oibrithe, níor cheart na rialacha atá ann cheana a lagú.

Beidh sé de cheart ag oibrithe **cúiteamh** a fháil má sháraítear rialacha pá íosta.

Cuireann na rialacha nua an chómhargáil chun cinn freisin, go háirithe sna Ballstáit ina gclúdaíonn **cómhargáil** níos lú ná 80% d'oibrithe. Is próiseas é an chómhargáil ina ndéanann fostóirí caibidlíocht le heagraíochtaí oibrithe (amhail ceardchumainn) chun téarmaí agus coinníollacha don fhostaíocht a leagan síos, lena n-áirítear pá agus uaireanta oibre.

Leis na rialacha nua, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit **córas forfheidhmithe agus faireacháin** a chur ar bun freisin. Mar shampla, is é is aidhm do chigireachtaí cásanna ina ndéanann oibrithe ragobair neamhthaifeadta a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.

## Cad is fiú é do dhaoine óga?

Pá cóir! Is féidir le daoine óga a bheith cinnte go ndéanfar a gcuid oibre a chúiteamh de réir na gcaighdeán atá ag teacht leis an gcostas maireachtála. Fágfaidh na rialacha freisin go mbeidh ról níos lárnaí ag oibrithe sa chaibidlíocht chun pá leordhóthanach a fháil.

# Treoir an éascaitheora don Chluiche Rólimeartha Fíorúil

Parlaimint na hEorpa